An Coimisiún Eorpach

Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

# TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2022





**Barbara Nolan**
Ceann na hIonadaíochta

## TEACHTAIREACHT Ó CHEANN IONADAÍOCHT AN CHOIMISIÚIN

Is cúis áthais dom an Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn sa bhliain 2022 a chur i láthair. Tar éis dheireadh na srianta paindéime, bhí an-áthas orainn cead isteach a thabhairt don phobal an athuair agus fáilte a chur roimh chairde idir shean agus nua go dtí ár n-imeachtaí cultúrtha agus eolais. Bhí mé thar a bheith sásta a fheiceáil cén spleodar agus díograis a bhí ann an tráth a bhíomar ag filleadh ar ghnáthghnó, agus muid in ann teagmháil phearsanta a dhéanamh arís le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí leasmhara, sin agus ár ngníomhaíochtaí le scoileanna a athsheoladh.


Is é an príomhscéal atá ann le bliain anuas ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin agus an fhulaingt uafásach a bhí mar thoradh air. Tá bród ar an Ionadaíocht as seasamh leis an Úcráin agus tiomantas an Aontais don tsíocháin, don tsaoirse agus don daonlathas a athdhearbhú. I mbliain ina raibh go leor dúshláin thábhachtacha pholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta ann, leanamar de phlé a éascú idir an Coimisiún, rialtas na hÉireann agus páirtithe leasmhara barrthábhachtacha trí chuairteanna ó 17 gCoimisinéir a óstáil. Bhí ríméad ar leith orainn fáilte a chur roimh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, a rinne turas speisialta go hÉirinn chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain a bheith caite ag Éirinn ina ballstát den Aontas.

Gabhaim buíochas leis na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa líon mór imeachtaí a bhí againn, idir an lucht eagair, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ghrúpaí ionadaíocha, scoileanna agus Choimisinéirí, agus le foireann na hIonadaíochta as an lámh a bhí acu inár gclár i rith na bliana. Gabhaimid buíochas ar leith le Mairead Mc Guinness, an Coimisinéir Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, a thacaigh go gníomhach le hobair na hIonadaíochta agus a chuir lena tionchar. Tá súil agam gur ábhar spéise duit a bheidh san eolas atá sa bhróisiúr seo maidir lenár bpríomhghníomhaíochtaí in 2022 – go mbaine tú sult as é a léamh!

**Líon na n-imeachtaí a reáchtáladh i rith na bliana idir imeachtaí ar líne agus imeachtaí ar an láthair.**

## IMEACHTAÍ SUAITHEANTA

| | |
|---|---|
| An 25 - 27 Feabhra | Painéal Saoránach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa |
| An 3 Márta | Díospóireacht Bhréag-Chomhairle an Aontais Eorpaigh le haghaidh meánscoileanna |
| An 8 Márta | Plé dar teideal 'Mná ar Bhoird Bhainistíochta – Is Mithid Céim in Airde a ghlacadh' |
| An 9 Bealtaine | Tusa agus an Óige, imeacht hibrideach le haghaidh Lá na hEorpa 2022 |
| An 14 Meán Fómhair | Aitheasc Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ar Staid an Aontais Eorpaigh |
| An 20 - 22 Meán Fómhair | An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta |
| An 1 - 2 Nollaig | Cuairt oifigiúil Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ar Éirinn |






**Mairead McGuinness**
An Coimisinéir Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais, agus Aontas na Margaí Caipitil




## RÉAMHRÁ ÓN gCOIMISINÉIR EORPACH MAIREAD McGUINNESS

Déanaim comhghairdeas leis an Ionadaíocht as bheith gnóthach agus bisiúil le linn 2022. Bliain a bhí ann inar fhill daoine ar imeachtaí ar an láthair féin tar éis tréimhse rannpháirtíochta ar líne mar thoradh ar COVID. Ina theannta sin, molaim an Ionadaíocht as teagmháil a choinneáil ag imeacht le linn na tréimhse deacra sin agus as na hiarrachtaí a rinneadh agus muid ag filleadh ar imeachtaí duine-le-duine.

Le linn 2022, chuireamar tús le hobair chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain a bheith caite ag Éirinn san Aontas Eorpach: 50 bliain roimhe sin is ea a síníodh an conradh aontachais i mí Eanáir 1972 agus a reáchtáladh an reifreann i mí Bealtaine na bliana sin inar vótáil 83 faoin gcéad de mhuintir na hÉireann ar son dul isteach sa Chomhphobal Eorpach. Ba cheann de bhuaicphointí na bliana í cuairt Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ar Éirinn i mí na Nollag chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcinneadh cinniúnach sin a rinne Éire dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa mar a bhí an tráth sin.

Mar sin féin, bhí dúshláin nua shuntasacha romhainn freisin in 2022, an t-ionradh neamhdhleathach gan údar a rinne an Rúise ar an Úcráin ina measc, rud a mhúnlaigh cuid den obair for-rochtana a rinne an Ionadaíocht. Is é an rud is mó atá ag déanamh scime dúinn fulaingt mhuintir na hÚcráine. Is í tosaíocht an Aontais Eorpaigh, Éire san áireamh, tacú lenár gcairde Úcránacha agus dlúthpháirtíocht a bheith againn leo. Tá an tacaíocht sin againn buanseasmhach, agus ceann de na bealaí éagsúla atá sí léirithe againn is ea gur cuireadh fáilte go hÉirinn roimh os cionn 75,000 dídeanach a easáitíodh óna dtithe san Úcráin. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don Úcráin, tá an tAontas Eorpach ag dul i ngleic le saincheisteanna fuinnimh, trádála agus eacnamaíocha a d'eascair as cogadh na Rúise. Le linn an 50ú bliain seo dár mballraíocht, cuireann an méid sin i gcuimhne dúinn cén luach a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht Eorpach le linn tréimhsí deacra.

I mo cháil mar Choimisinéir Eorpach na hÉireann, bhí an-áthas orm páirt a ghlacadh i gcuid d'imeachtaí na hIonadaíochta in 2022, bualadh le daoine ar fud na tíre, agus éisteacht lena ndúirt siad faoin gcaoi a mbíonn tionchar dearfach ag an Aontas ar shaol na saoránach. Táim ag tnúth le bualadh le tuilleadh daoine fós in 2023.








# Cuairteanna Staidéir ar an mBruiséil in 2022

Le linn 2022, thosaigh an Ionadaíocht ar chuairteanna staidéir ar an mBruiséil a eagrú arís. Bhí deis ag grúpaí múinteoirí, iriseoirí agus eacnamaithe taisteal chun na Bruiséile le haghaidh freastal ar sheisiúin faisnéise ar cheisteanna tráthúla sa Choimisiún Eorpach, agus bualadh leis an gCoimisinéir Mairead McGuinness agus le Feisirí Eorpacha na hÉireann. Tugann na cuairteanna sin deis do rannpháirtithe foghlaim ar láthair na háite féin faoin gcaoi a n-oibríonn institiúidí an Aontais Eorpaigh.



Iriseoirí as gach cearn d'Éirinn agus iad ag bualadh leis an gCoimisinéir McGuinness le linn a gcuairte ar an mBruiséil i mí an Mheithimh 2022



Múinteoirí scoile agus iad ag bualadh leis an gCoimisinéir McGuinness i mí Iúil 2022. Glacann na múinteoirí sin páirt sa chlár 'An Réalta Ghorm' trína múintear eolas faoin Aontas Eorpach do leanaí idir 5 agus 12 bhliain d'aois.




Eacnamaithe a bhí ar cuairt mar ionadaithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais ghairmiúla, meithleacha machnaimh agus institiúidí airgeadais, is ar phlé ar an Seimeastar Eorpach a dhírigh siadsan le linn a gcuairte.

# Cuairt an Uachtaráin von der Leyen ar Éirinn

An 1 Nollaig, thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen cuairt oifigiúil ar Éirinn agus labhair sí ag suí comhpháirteach de Thithe an Oireachtais chun comóradh a dhéanamh ar 50 bliain a bheith caite ag Éirinn ina ballstát den Aontas. Mhol sí an méid atá bainte amach ag Éirinn agus dúirt sí "go gcuireann Éire an ghné is fearr den Eoraip os comhair an tsaoil. Tá sibh nuálach ionchuimsitheach. Tá sibh dílis do bhur stair agus do bhur gcuid traidisiún. Agus tá fáilte agaibh roimh an todhchaí agus an domhan mór."

Agus í i mBaile Átha Cliath, ghlac an tUachtarán von der Leyen le Gradam Ceannaireachta Peter Sutherland thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Searmanas na nGradam Gnó agus Airgeadais.

Cruthaíodh an Gradam sin i gcuimhne ar Peter Sutherland, a bhí ina Choimisinéir Eorpach um Iomaíocht agus ina Ard-Stiúrthóir ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Buaicphointí eile de chuid chuairt an Uachtaráin von der Leyen ab ea bualadh leis an Taoiseach ag an am, Mícheál Martin, agus le hUachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn. Bhí iontas ar na páistí scoile a bhuaigh comórtas 'MyEU50' an Rialtais nuair a bhuail an tUachtarán von der Leyen leo chun iad a spreagadh le leanúint de shuim a chur i ngnóthaí an Aontais.










# Cuairteanna ó Choimisinéirí Eorpacha

D'eagraigh an Ionadaíocht breis agus 41 chuairt ardleibhéil le linn 2022, cuairteanna ó 17 gCoimisinéir ina measc — agus tá go leor acu sin a thug cuairt ar Éirinn níos mó ná uair amháin. Cé gur buaicphointe a bhí i gcuairt Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, tá roinnt cuairteanna suntasacha le feiceáil ar an leathanach seo.

1. Bhuail Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen le hUachtarán na hÉireann le linn a cuairte oifigiúla.
2. Bhuail an Coimisinéir um Fhuinneamh, Kadri Simson, leis an Aire Iompair agus Fuinnimh agus thug sí cuairt ar fheirm ghaoithe in Uíbh Fhailí.
3. Bhuail an Coimisinéir um Cheartas, Didier Reynders, leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus lena foireann. Bhuail sé leis an Aire Dlí agus Cirt freisin agus thug sé cuairt ar Twitter agus Meta.
4. Phléigh an Leas-Uachtarán Jourová luachanna agus trédhearcacht an Aontais leis an Taoiseach, triúr Airí rialtais, an Príomh-Bhreitheamh agus an lucht acadúil atá ag obair chun cur i gcoinne na bréagaisnéise
5. Bhuail an Coimisinéir um Chomhtháthú agus um Athchóiriúcháin, Elisa Ferreira, le rannpháirtithe i dtionscadail óige agus cuimsithe shóisialta arna gcómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa.
6. Bhuail an Coimisinéir um Ghnóthaí Baile, Ylva Johansson, leis an Aire Dlí agus Cirt agus bhí cruinnithe aici le Facebook agus Twitter.

7 & 8. Bhuail an Coimisinéir um Thalmhaíocht, Janusz Wojciechowski, leis an Aire Talmhaíochta, labhair sé ag comhdháil Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus thug sé cuairt ar fheirmeacha áitiúla.

9. Thug an Coimisinéir um Poist agus um Chearta Sóisialta, Nicolas Schmit, cuairt ar Youthreach i gCluain Dolcáin agus bhuail sé leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
10. Phléigh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Margarethe Vestager an Eoraip Dhigiteach leis an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Airgeadais agus thug sí óráidí ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus ag an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha.
11. Bhuail an Coimisinéir um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige, Mariya Gabriel, leis an Aire Oideachais agus thug sí cuairt ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ar an tSean-Leabharlann i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
12. An Coimisinéir um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, Mairead McGuinness, agus í ag bualadh le Gabriel Makhlouf, Gobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann.
13. Bhuail an Coimisinéir um Buiséad agus um Riarachán, Johannes Hahn, leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus labhair sé os comhair Coiste Oireachtais.
14. Phléigh an Coimisinéir Sláinte, Stella Kyriakides, Aontas Sláinte na hEorpa le hAire Sláinte na hÉireann agus thug sí cuairt ar ionad ailse in Ospidéal San Séamas
15. Ghlac an Leas-Uachtarán Šuica páirt i bPainéal Saoránach ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.









## Rannpháirtíocht Oireachtais

- An tUachtarán **Ursula von der Leyen**
- Leas-Uachtarán **Věra Jourová**
- An Coimisinéir **Johannes Hahn**
- An Coimisinéir **Nicolas Schmit**
- An Coimisinéir **Didier Reynders**
- An Coimisinéir **Ylva Johansson**
- An Coimisinéir **Kadri Simson**
- An Coimisinéir **Mairead McGuinness**

# Forléargas ar Thionscnaimh For-rochtana



[illegible]

[illegible]




[illegible]

[illegible]



[illegible]

[illegible]



[illegible]

[illegible]



### STAID AN AONTAIS EORPAIGH

"Sa lá atá inniu ann, feicim is uireasach mór dúinn troid ar son ár ndaonlathais. Lá i ndiaidh lae ní mór dúinn iad a chosaint ar na bagairtí seachtracha atá rompu, agus ar an olc a chreimeann ón taobh istigh".

Thug Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an tráthaosc bliantúil ar "Staid an Aontais Eorpaigh", inar cuimsíodh sin ar fhreagairt an Aontais ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus inar leagadh amach tosaíochtaí beartais an Aontais.

Bhaoil an Ionadaíocht, Parlaimint na hEorpa agus an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha beachtadh den ... agus ina dhiaidh sin bhí plé painéil ... chomh maith le tosaíochtaí an Uachtaráin von der Leyen maidir leis an todhchaí.



### IS Í AN ÓIGE CROÍLÁR LÁ NA hEORPA

In éineacht le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa agus Eurofound, rinne an Ionadaíocht ceiliúradh ar Bhliain Eorpach na hÓige, ceiliúradh inar thugamar suas le 100 duine óg idir 16-29 bliain d'aois le chéile, chomh maith le lucht féachana ar líne ó gach ceann d'Éirinn, le bheith ag foghlaim agus ag díospóireacht i dtaca le saincheisteanna agus deiseanna tábhachtacha le haghaidh daoine óga san Aontas Eorpach, agus le bheith rannpháirteach i dtaca leis an méid sin. Míle buíochas leis an Aire Gnóthaí Eorpacha, Thomas Byrne T.D agus le Ciarán Cuffe FPE as a bheith iontach a dtacú.



### TAIDHLEOIRÍ AR SON AN CHOMHIONANNAIS

"Tá mé bródúil go mbeidh gach duine in ann maireachtáil gan bhac agus gan eagla roimh idirdhealú ná roimh aidhmeanna, agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí, is cuma cén gnéaschlaonadh nó cén fhéiniúlacht inscne atá acu".

Ghlac comhghleacaithe ón Ionadaíocht an Choimisiúin páirt i bParáid Bhródúil Bhaile Átha Cliath 2022 faoin mbratach 'Diplomats for Equality'.





### AISTRITHEOIRÍ ÓGA

Ó 2017 i leith, bíonn an comórtas aistriúcháin 'Aistritheoirí Óga' á eagrú gach bliain ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhpháirt le Ballstáit na hEorpa. Is í Caitríona Nic Eileanóir ó Choláiste Chroí Mhuire i nGaillimh a bhuaigh an chomórtas ... in Éirinn i gcomórtas 2022. Bhronn an tAire Stáit Gaeltachta agus Spóirt, Jack Chambers, a ngradaim ar Chaitríona agus ar na buaiteoirí ... Tomás Ó hUiginn, Coláiste Pobail Ros Comáin, Ros Comáin, Seán Holl, Gaelcholáiste Cheatharlach, Ceatharlach, Liam Ó hÓgáin, Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Ciarraí, agus Mairéad Ní Mhuirí, Scoil Íde, Tír Eoghain.

# Preasoifig na hIonadaíochta

Eagraíonn an Phreasoifig láithreacht sna meáin le haghaidh Coimisinéirí Eorpacha agus iad ar cuairt agus cuireann sí preaseisiúintí agus ábhar faisnéise ar fáil d'iriseoirí. Eagraíonn sí ceardlanna agus cuairteanna staidéir ar an mBruiséil le haghaidh iriseoirí. Chun an scéal is déanaí a fháil, féach suíomh gréasáin agus ardáin meán sóisialta na hIonadaíochta. Liostáil le nuachtlitir na hIonadaíochta le haghaidh achoimre sheachtainiúil a fháil ar nuacht agus imeachtaí a bhaineann leis an Aontas tríd an gcód QR seo a scanadh:




# Na Meáin Shóisialta i lár an aonaigh




Twitter @eurireland Instagram @euireland Facebook @euIreland Youtube @EUIRELAND

# Ionaid Teagmhála EUROPE DIRECT

Ocht n-ionad Europe Direct atá in Éirinn anois, agus is éard a dhéanann siad ná eolas, foilseacháin agus ábhar a chur ar fáil do gach aoisghrúpa, agus ceisteanna faoin Aontas a fhreagairt. Buail isteach chuig d'ionad áitiúil agus cuir eolas ar an Aontas.

In 2022, osclaíodh ionad teagmhála Europe Direct nua i Luimneach, rud a fhágann gur ocht gcinn d'ionaid Europe Direct atá ann anois ar fud na hÉireann. Is i leabharlanna poiblí atá na hionaid sin, agus d'eagraigh siad 370 gníomhaíocht eolais agus rannpháirtíochta in 2022 chomh maith le 117 gcuairt scoile.

Is iad na rudaí ar ar dhírigh gníomhaíochtaí na n-ionad sin NextGenerationEU, Bliain Eorpach na hÓige, an Comhaontú Glas don Eoraip, an Inbhuanaitheacht agus an Geilleagar Ciorclach.




## Suíomh gréasáin na hIonadaíochta




**COINNÍODH ÁR SUÍOMH GRÉASÁIN AR AN EOLAS THÚ**
***www.euireland.ie***

Má bhíonn eolas uait faoi na himeachtaí is déanaí arna n-eagrú ag an Ionadaíocht, reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, tograí an Choimisiúin, preaseisiúintí, deiseanna tairisceana nó comórtais earcaíochta, ní gá ach cliceáil.

An Coimisiún Eorpach

Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn